RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1254 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/640 a mhéid a bhaineann le ceanglais aeracmhainneachta breise nua a thabhairt isteach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(1), pointe (h), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 76(3) de Rialachán (AE) 2018/1139, eisíonn Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (an "Ghníomhaireacht") sonraíochtaí deimhniúcháin (SDanna) agus nuashonraíonn sí go rialta iad chun a áirithiú go leanann siad de bheith oiriúnach don fheidhm. Mar sin féin, maidir le haerárthach ar deimhníodh a dhearadh cheana, níl aon cheanglas ann maidir le hé a bheith i gcomhlíontacht leis an leagan nuashonraithe de na sonraíochtaí deimhniúcháin ag tráth a tháirgthe nó le linn é a bheith i seirbhís. Chun tacú leis an aeracmhainneacht leanúnach agus le feabhsúcháin sábháilteachta, ba cheart foráil a thabhairt isteach maidir leis na haerárthaí sin a bheith i gcomhlíontacht le ceanglais aeracmhainneachta bhreise nár cuimsíodh sna sonraíochtaí deimhniúcháin bunaidh tráth a deimhníodh an dearadh. I Rialachán (AE) 2015/640 ón gCoimisiún ([2]) leagtar amach na ceanglais aeracmhainneachta bhreise sin.

(2) Le héifeacht ón 26 Lúnasa 2023, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh isteach in Iarscríbhinn I (Cuid-26) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640 pointe nua 26.157. I gcomhréir leis an bhforáil sin, na heitleáin mhóra uile a bheidh i seirbhís agus a bheidh deimhnithe ag an nGníomhaireacht agus a úsáidfear in aeriompar tráchtála an 26 Lúnasa 2023 nó dá éis sin, tá siad le bheith i gcomhlíontacht le ceanglais aeracmhainneachta bhreise i dtaca le coinbhéartú urrann lastais nó bagáiste d'Aicme D. Mar sin féin, ó anailís bhreise a rinneadh, is léir, i gcás cineálacha áirithe oibríochtaí, lena n-áirítear oibríochtaí gnó go príomha, gur lú an riosca, i gcás eitleáin mhóra áirithe nach n-iompraíonn ach líon beag taistealaithe, go dtosódh tine le linn eitilte ina n-urrann lastais nó bagáiste d'Aicme D agus go n-éireodh sí ina tine dhosmachtaithe. Chun nach gcuirfí ualaí neamh-chomhréireacha agus neamh-chostéifeachtúlachta ar a n-oibreoirí, ba cheart, dá bhrí sin, díolúine a thabhairt d'oibreoirí na gcineálacha eitleáin sin ón oibleagáid pointe 26.157 a chomhlíonadh.

(3) Le héifeacht ón 22 Meitheamh 2021, leasaigh an Ghníomhaireacht na Sonraíochtaí Deimhniúcháin le haghaidh Eitleáin Mhóra (CS-25) chun sonraíocht nua a thabhairt isteach a éilíonn go mbunófar modhanna chun an riosca a íoslaghdú go mbeadh an brú i mbonn níos ísle ná an t-íoshbrú teannaidh inseirbhíse le linn oibrithe. Mar sin féin, ní bhaineann an tsonraíocht nua sin ach le heitleáin mhóra a ndearnadh iarratas ar fhormheas an deartha ina leith tar éis an 22 Meitheamh 2021. Ós rud é go bhféadfadh sé nach gcomhlíonfadh eitleáin mhóra áirithe an tsonraíocht nua sin, ba cheart ceanglais aeracmhainneachta bhreise a thabhairt isteach. Ag féachaint go cuí do chineál agus do riosca na n-oibríochtaí le heitleáin mhóra, agus ardleibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta eitlíochta sibhialta san Aontas á choinneáil ag an am céanna, tá sé comhréireach agus costéifeachtúil na ceanglais aeracmhainneachta bhreise sin a thabhairt isteach i gcás na n-eitleán mór atá i seirbhís agus a táirgeadh ar bhonn deartha a dheimhnigh an Ghníomhaireacht cheana féin.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2015/640 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2015 maidir le sonraíochtaí aeracmhainneachta bhreise le haghaidh cineál áirithe oibríochtaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 (IO L 106, 24.4.2015, lch. 18).

([3]) IO L 257, 6.8.2020, lch.14

(4) Leasaigh an Ghníomhaireacht na Sonraíochtaí Deimhniúcháin do Rotorárthaí Beaga (CS-27) agus do Rotarárthaí Móra (CS-29) faoi seach chun sonraíochtaí nua a thabhairt isteach maidir le rótarárthaí atá beartaithe lena n-úsáid in oibríochtaí amach ón gcósta. I gcomhréir leis na sonraíochtaí nua, cuirtear de cheanglas go mbeidh deimhniú ag na rótarárthaí le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce nó go mbeidh córais snámhachta éigeandála suiteáilte iontu. Ag féachaint go cuí do chineál agus do riosca oibríochtaí héileacaptar amach ón gcósta agus don ghá ardleibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta san eitlíocht shibhialta a choinneáil san Aontas, tá sé comhréireach agus costéifeachtúil roinnt de na sonraíochtaí sin a dhéanamh infheidhme maidir le héileacaptair atá ann cheana agus a oibrítear san Aontas agus maidir leis na sonraíochtaí sin a tháirgfear tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar bhonn deartha atá deimhnithe cheana féin ag an nGníomhaireacht.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/640 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear na pointí (ca), (cb) agus (cc) seo a leanas isteach:

"(ca) ciallaíonn 'héileacaptar beag' héileacaptar arb é atá mar bhonn deimhniúcháin aige na Sonraíochtaí Deimhniúcháin le haghaidh Rotarárthaí Beaga (CS-27) nó a gcoibhéis sin;

(cb) ciallaíonn 'héileacaptar beag de chatagóir A' héileacaptar beag ag a bhfuil saintréithe uile chatagóir A mar a shainítear i bpointe (17) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 agus arb é atá mar bhonn deimhniúcháin aige na sonraíochtaí breise a leagtar amach sna Sonraíochtaí Deimhniúcháin le haghaidh Rotarárthaí Beaga (CS-29) is infheidhme de bhua na tagartha i bhFoscríbhinn C a ghabhann le CS-27, nó a gcoibhéis sin;

(cc) 'ciallaíonn dálaí farraige fianaithe' na dálaí farraige a roghnaigh an t-iarratasóir le haghaidh deimhniú cineáil nó deimhniú cineáil forlíontach agus arb iad na dálaí iad ar ina leith a léiríodh seasmhacht an rótarárthaigh in aghaidh iompú faoi agus ina dhiaidh sin ar eisíodh deimhniú ina leith maidir le tuirlingt éigeandála ar an uisce nó maidir le snámhacht éigeandála"

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid-26) i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 9 Meán Fómhair 2022, cé is moite díobh seo a leanas:

(a) pointí 2 agus 6 den Iarscríbhinn, arae beidh feidhm acu sin ón 26 Lúnasa 2023;

(b) pointí 4 agus 5 den Iarscríbhinn a mhéid a bhaineann le cur isteach phointí 26.410 agus 26.415, phointí 26.420(a) agus (b), agus phointe 26.425 d'Iarscríbhinn I (Cuid-26) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640, arae beidh feidhm acu sin ón 9 Lúnasa 2023;

(c) pointe 5 den Iarscríbhinn a mhéid a bhaineann le cur isteach phointe 26.420(c) agus phointe 26.435(a) d'Iarscríbhinn I (Cuid-26) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640, arae beidh feidhm acu sin ón 9 Lúnasa 2024;

(d) pointe 5 den Iarscríbhinn a mhéid a bhaineann le cur isteach phointe 26.435(b) d'Iarscríbhinn I (Cuid-26) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640, arae beidh feidhm aige sin ón 9 Lúnasa 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640 (Cuid-26) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad chlár na n-ábhar:

"CLÁR NA nÁBHAR

FOCHUID A — FORÁLACHA GINEARÁLTA

26.10 Údarás inniúil

26.20 Trealamh atá ar ainghléas go sealadach

26.30 Comhlíontacht a léiriú

FOCHUID B — EITLEÁIN MHÓRA

26.50 Suíocháin, beartanna, criosanna sábhála, agus úmacha

26.60 Tuirlingt éigeandála — dálaí dinimiciúla

26.100 Ionad na mbealaí amach éigeandála

26.105 Rochtain ar bhealaí amach éigeandála

26.110 Marcálacha bealaigh amach éigeandála

26.120 Soilsiú éigeandála laistigh agus oibriú an tsoilsithe éigeandála

26.150 Críochnú laistigh na n-urrann

26.155 Inadhainteacht na líneála in urranna an lasta

26.156 Ábhair inslithe theirmigh nó fuaime

26.157 Urranna d'Aicme D a choinbhéartú

26.160 Cosaint ar dhóiteán sna leithris

26.170 Múchtóirí dóiteáin

26.200 Rabhadh fuaime trealaimh tuirlingthe

26.201 Brú teannaidh boinn

26.205 Córais feasachta agus foláirimh um rith thar fóir rúidbhealaigh

26.250 Córais oibrithe dhoras urrann na foirne eitilte — éagumasú baill aonair

26.300 Clár um shláine struchtúrach leanúnach le haghaidh struchtúir eitleán atá ag éirí sean — ceanglais ghinearálta

26.301 Plean Comhlíontachta le haghaidh sealbhóirí deimhnithe cineáil shrianta

26.302 Meastóireacht um strustuirse agus lamháltas damáiste

26.303 Teorainn bhailíochta

26.304 Clár um chosc agus rialú creimthe

26.305 Bailíocht an chláir um shláine struchtúrach leanúnach

26.306 Struchtúr bonnlíne strustuirse-chriticiúil

26.307 Sonraí faoi lamháltas damáiste le haghaidh athruithe ar an struchtúr strustuirse-chriticiúil

26.308 Sonraí faoi lamháltas damáiste le haghaidh deisiúcháin atá déanta cheana ar struchtúr strustuirse-chriticiúil

26.309 Treoirlínte um meastóireacht deisiúchán

26.330 Sonraí faoi lamháltas damáiste maidir le deimhnithe cineáil forlíontacha (DCFanna) atá ann cheana, athruithe móra eile atá ann cheana agus deisiúcháin atá ann cheana a dhéanann difear do na hathruithe sin nó do DCFanna

26.331 Plean Comhlíontachta le haghaidh sealbhóirí deimhnithe cineáil forlíontacha

26.332 Sainaithint athruithe a dhéanann difear don struchtúr strustuirse-chriticiúil

26.333 Sonraí faoi lamháltas damáiste maidir le DCFanna agus deisiúcháin ar na DCFanna sin arna bhformheas an 1 Meán Fómhair 2003 nó dá éis sin

26.334 Sonraí faoi lamháltas damáiste maidir le DCFanna agus athruithe agus deisiúcháin eile ar na DCFanna sin arna bhformheas roimh an 1 Meán Fómhair 2003

26.370 Tascanna um aeracmhainneacht leanúnach agus clár cothabhála aerárthaigh

FOCHUID C — HÉILEACAPTAIR

26.400 Múchtóirí dóiteáin

26.410 Rialtáin éigeandála a oibrítear faoi uisce

26.415 Bealaí amach éigeandála faoi uisce

26.420 Trealamh éigeandála le haghaidh eitilt os cionn uisce

26.425 Dálaí farraige fianaithe a sholáthar

26.430 Seasmhacht córais snámhachta éigeandála in aghaidh damáiste

26.431 Stóinseacht an deartha a chinneadh i gcás córais snámhachta éigeandála

26.435 Gníomhú uathoibríoch córais snámhachta éigeandála

Foscríbhinn 1 — Liosta na samhlacha eitleáin nach bhfuil faoi réir forálacha áirithe d'Iarscríbhinn I (Cuid-26)';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 26.157:

"26.157 **Coinbhéartú urranna d'Aicme D**

Oibreoirí eitleán mór a úsáidtear san aeriompar tráchtála, a fuair deimhniú cineáil ar an 1 Eanáir 1958 nó dá éis sin, cé is moite d'oibreoirí eitleáin a liostaítear i dTábla A.1 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn, áiritheoidh siad mar a leanas:

(a) i gcás eitleán, a mbíonn iompar paisinéirí i gceist ina n-oibriú, go gcomhlíonann gach urrann lastais nó paisinéirí d'Aicme D, gan beann ar thoirt na hurrainne, na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme maidir le hurrann d'Aicme C;

(b) i gcás eitleán, a mbíonn iompar lasta agus sin amháin i gceist ina n-oibriú, go gcomhlíonann gach urrann d'Aicme D, gan beann ar thoirt na hurrainne, na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme maidir le hurrann d'Aicme C nó d'Aicme E.";

(3) Cuirtear isteach an pointe 26.201 seo a leanas:

"26.201 **Brú teannaidh boinn**

Íoslaghdóidh oibreoirí eitleán mór an riosca go mbeadh an brú i mbonn níos ísle ná an t-íosbhrú teannaidh inseirbhíse le linn oibrithe.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid C:

"FOCHUID C — HÉILEACAPTAIR";

(5) cuirtear isteach na pointí 26.410, 26.415, 26.420, 26.425, 26.430, 26.431 agus 26.435 seo a leanas:

"26.410 **Rialtáin éigeandála a oibrítear faoi uisce**

Oibreoirí héileacaptar beag agus héileacaptar mór a bhfuil de cheanglas maidir leo, i gcomhréir le pointe CAT.IDE.H.320(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, go mbeidh siad deartha le haghaidh tuirlingt ar uisce nó deimhnithe le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce, áiritheoidh na hoibreoirí sin go mbeidh marcáil a léireoidh an modh oibrithe, maille le marcáil stríoc buí agus dubh, ar na rialtáin éigeandála uile nach mór a oibriú faoi uisce.

26.415 **Bealaí amach éigeandála faoi uisce**

(a) Oibreoirí héileacaptar beag agus héileacaptar mór a bhfuil de cheanglas maidir leo, i gcomhréir le pointe CAT.IDE.H.320(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, go mbeidh siad deartha le haghaidh tuirlingt ar uisce nó deimhnithe le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce, áiritheoidh na hoibreoirí sin:

(1) go bhfuil sé indéanta ag na taistealaithe a aithint go héasca cé na modhanna lena n-oibrítear na bealaí amach éigeandála uile faoi uisce chun ligean do dhaoine an t-árthach a fhágáil i gcás tuirlingt éigeandála ar uisce nó i gcás iompú tarr in airde;

(2) go bhfuil bealach amach éigeandála le fáil ar dhá thaobh an héileacaptair ag gach aonad (nó ag gach páirt d'aonad) ceithre shuíochán paisinéara ach amháin sa chás go bhfuil an bealach amach éigeandála sách mór chun go bhféadfadh dhá phaisinéir dul amach air le chéile ag aon tráth amháin;

(3) go bhfuil, i ndáil leis na bealaí amach éigeandála dá dtagraítear i bpointe (2), na suíocháin phaisinéara suite in ionad a éascaíonn do na paisinéirí éalú má iompaíonn an héileaptar tarr in airde agus go líonann tuile sa chábán.

(b) Oibreoirí héileacaptar beag de chatagóir A agus héileacaptar mór a bhfuil de cheanglas maidir leo, i gcomhréir le pointe CAT.IDE.H.320(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, go mbeidh siad deartha le haghaidh tuirlingt ar uisce nó deimhnithe le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce, áiritheoidh na hoibreoirí sin:

(1) i dtaca leis na bealaí amach éigeandála uile, lena n-áirítear bealaí amach éigeandála na foirne eitilte, agus aon doras, aon fhuinneog nó aon oscailt eile atá oiriúnach chun éalú faoi uisce, go bhfanfaidh na bealaí sin uile inoibrithe le linn éigeandála;

(2) go gcuirtear modh uathoibríoch ar fáil a fhágann gur furasta forimeall pholl na mbealaí amach éigeandála a aithint i ngach cineál dálaí soilsithe; ní mór na marcálacha sin a bheith deartha ar dhóigh a fhágann go mbeidh siad le feiceáil fós má iompaíonn an héileacaptar tarr in airde nó má théann an cábán faoi dhromchla an uisce.

26.420 **Trealamh éigeandála le haghaidh eitilt os cionn uisce**

(a) Oibreoirí héileacaptar beag agus héileacaptar mór a bhfuil de cheanglas maidir leo go mbeidh siad i gcomhlíontacht le pointe CAT.IDE.H.300 d'Iarscríbhinn IV, pointe NCC.IDE.H.227 d'Iarscríbhinn VI nó pointe SPO.IDE.H.199 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, áiritheoidh na hoibreoirí sin go bhfuil ag gach rafta tarrthála fearas chun é a choinneáil in aice an héileacaptair, agus fearas breise chun an rafta tarrthála teannta atá ceangailte den héileacaptar a choinneáil níos faide amach uaidh agus ag fad nach gcuirfeadh an rafta tarrthála féin ná na daoine ar bord i gcontúirt. I gcás ina rachadh an héileacaptar ina iomláine faoi dhromchla an uisce, brisfidh an dá fhearas coinneála sin sula rachaidh an héileacaptar faoi, fiú sa chás go mbeadh an rafta tarrthála folamh.

(b) Oibreoirí héileacaptar beag agus héileacaptar mór a bhfuil de cheanglas maidir leo, i gcomhréir le pointe CAT.IDE.H.320(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, go mbeidh siad deartha le haghaidh tuirlingt ar uisce nó deimhnithe le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce, áiritheoidh na hoibreoirí sin go bhfuil soláthar stuála ann le haghaidh seaicéad tarrthála amháin in aghaidh gach taistealaí sa héileacaptar agus an seaicéad tarrthála sin faoi fhad a láimhe go héasca don taistealaí agus é ina shuí, ach amháin sa chás gur gá do na taistealaithe iad a chaitheamh i gcónaí fad atá siad ar bhord an héileacaptair.

(c) Oibreoirí héileacaptar mór a bhfuil de cheanglas maidir leo faoi phointe SPA.HOFO.165(d) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) No. 965/2012 go mbeidh rafta tarrthála amháin nó níos mó suiteáilte iontu, áiritheoidh na hoibreoirí sin, maidir leis na raftaí tarrthála sin:

(1) go bhfuiltear in ann iad a scaoileadh chun úsáide le cianrialú, agus go bhfuil an modh lena scaoiltear na raftaí tarrthála chun úsáide faoi fhad rochtana éasca den fhoireann eitilte, de na taistealaithe sa chábán paisinéirí agus d'aon duine ar marthain san uisce, agus an héileacaptar i suíomh snámha ingearach nó i suíomh tarr in airde ingearach;

(2) gur féidir, le hiontaoibh, iad a scaoileadh chun úsáide agus an héileacaptar in aon cheann de na treoshuíomhanna snámha is féidir a thuar go réasúnach, lena n-áirítear suíomh tarr in airde, agus é sna dálaí farraige fianaithe le haghaidh seasmhacht in aghaidh iompú tarr in airde.

26.425 **Dálaí farraige fianaithe a sholáthar**

(a) Sealbhóir deimhnithe cineáil le haghaidh héileacaptar bhig nó heileacaptair mhóir, áiritheoidh sé go mbeidh cuimsithe sa lámhleabhar eitilte rótarárthaigh (LER) agus go soláthrófar do gach oibreoir, faisnéis faoi na dálaí farraige fianaithe le haghaidh seasmhacht in aghaidh iompú tarr in airde agus aon fhaisnéis ghaolmhar eile a bhaineann leis an deimhniú tuirlingthe éigeandála nó le soláthar snámhachta éigeandála.

(b) Sealbhóir deimhnithe cineáil fhorlíontaigh le haghaidh córas snámhachta éigeandála atá suiteáilte i héileacaptar beag nó i héileacaptar mór, áiritheoidh sé go mbeidh cuimsithe sa lámhleabhar eitilte rótarárthaigh (LER), agus go soláthrófar do gach oibreoir, faisnéis faoi na dálaí farraige fianaithe le haghaidh seasmhacht in aghaidh iompú tarr in airde agus aon fhaisnéis ghaolmhar eile a bhaineann leis an deimhniú tuirlingthe éigeandála nó le soláthar snámhachta éigeandála.

26.430 **Seasmhacht córais snámhachta éigeandála in aghaidh damáiste**

(a) Oibreoirí héileacaptar beag nó héileacaptar mór ar eisíodh a gcéad deimhniú aeracmhainneachta aonair an 9 Lúnasa 2025 nó dá éis sin agus a bhfuil de cheanglas maidir leo, i gcomhréir le pointe CAT.IDE.H.320(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, go mbeidh siad deartha le haghaidh tuirlingt ar uisce nó deimhnithe le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce, áiritheoidh siad, má tá córas stuáilte snámhachta éigeandála arna shuiteáil sa héileacaptar, go n-íoslaghdaítear a mhéid is féidir trí bhíthin an dearaidh an tionchar a bheadh ag damáiste ó imbhualadh uisce ar scaoileadh chun úsáide feidhmiúil agus ar choinneáil fheidhmiúil an chórais snámhachta éigeandála.

(b) Oibreoirí héileacaptar beag nó héileacaptar mór a bhfuil córais stuáilte snámhachta éigeandála arna suiteáil iontu, a suiteáladh den chéad uair an 9 Lúnasa 2025 nó dá éis sin agus a bhfuil de cheanglas maidir leo, i gcomhréir le pointe CAT.IDE.H.320(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, go mbeidh siad deimhnithe le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce, áiritheoidh siad go n-íoslaghdaítear a mhéid is féidir trí bhíthin an dearaidh an tionchar a bheadh ag damáiste ó imbhualadh uisce ar scaoileadh chun úsáide feidhmiúil agus ar choinneáil fheidhmiúil an chórais snámhachta éigeandála.

26.431 **Stóinseacht an deartha a chinneadh i gcás córais snámhachta éigeandála**

(a) Oibreoir héileacaptair bhig nó héileacaptair mhóir a bhfuil de cheanglas maidir leis, i gcomhréir le pointe CAT.IDE.H.320(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, go mbeidh sé deartha le haghaidh tuirlingt ar uisce nó deimhnithe le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce, féadfaidh sé a iarraidh ar an duine dá dtagraítear i bpointe (b) na seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (c) a sholáthar, i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(1) tá sé cheanglas ar an oibreoir a thaispeáint go gcomhlíontar pointe 26.430 den Iarscríbhinn seo;

(2) maidir le stóinseacht an chórais snámhachta éigeandála i gcás imbhualadh uisce, níor léiríodh an stóinseacht sin mar chuid de dheimhniú cineáil ná de dheimhniú cineáil forlíontach an héileacaptair sin.

(b) Is mar a leanas an duine a sholáthróidh na seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (c):

(1) sealbhóir an deimhnithe cineáil, má áirítear an córas snámhachta éigeandála i ndearadh an chineáil;

(2) sealbhóir an deimhnithe cineáil fhorlíontaigh, má dheimhnítear an córas snámha éigeandála trí dheimhniú cineáil fhorlíontaigh.

(c) Maidir leis an duine dá dtagraítear i bpointe (b):

(1) cinnfidh sé go n-íoslaghdófar, a mhéid is féidir, na tionchair a bheadh ag damáiste ó imbhualadh uisce ar scaoileadh chun úsáide feidhmiúil agus ar choinneáil fheidhmiúil an chórais snámhachta éigeandála;

(2) cinnfidh sé go gcuirfear san áireamh i ndearadh an chórais snámhachta éigeandála na tionchair dá dtagraítear i bpointe (c)(1);

(3) soláthróidh sé meastóireacht don oibreoir.

26.435 **Gníomhú uathoibríoch córais snámhachta éigeandála**

(a) Oibreoirí héileacaptar beag a bhfuil de cheanglas maidir leo, i gcomhréir le pointe CAT.IDE.H.320(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, go mbeidh siad deartha le haghaidh tuirlingt ar uisce nó deimhnithe le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce, áiritheoidh na hoibreoirí sin, má tá córas snámhachta éigeandála suiteáilte agus é stuáilte le linn eitilte, go scaoilfidh sé chun úsáide go huathoibríoch ar dhul isteach in uisce dó.

(b) Oibreoirí héileacaptar beag de chatagóir A agus héileacaptar mór a bhfuil de cheanglas maidir leo, i gcomhréir le pointe CAT.IDE.H.320(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, go mbeidh siad deartha le haghaidh tuirlingt ar uisce nó deimhnithe le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce, áiritheoidh na hoibreoirí sin, má tá córas snámhachta éigeandála suiteáilte agus é stuáilte le linn eitilte, go scaoilfidh sé chun úsáide go huathoibríoch ar dhul isteach in uisce dó agus nach mbeidh sé ag brath ar aon ghníomh ón bpíolóta le linn eitilte.";

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 1:

"Foscríbhinn 1

Liosta na samhlacha eitleáin nach bhfuil faoi réir forálacha áirithe d'Iarscríbhinn I (Cuid-26)

Tábla A.1

Sealbhóir deimhnithe cineáil	Cineál	Samhlacha	Sraithuimhir an mhonaróra	Forálacha Iarscríbhinn I (Cuid 26) NACH bhfuil feidhm acu
The Boeing Company	707	Iad uile		26.301 go 26.334
The Boeing Company	720	Iad uile		26.301 go 26.334
The Boeing Company	DC-10	DC-10-10 DC-10-30 DC-10-30F	Iad uile	26.301 go 26.334
The Boeing Company	DC-8	Iad uile		26.301 go 26.334
The Boeing Company	DC-9	DC-9-11, DC-9-12, DC-9-13, DC-9-14, DC-9-15, DC-9-15F, DC-9-21, DC-9-31, DC-9-32, DC-9-32 (VC-9C), DC-9-32F, DC-9-32F (C-9A, C-9B), DC-9-33F, DC-9-34, DC-9-34F, DC-9-41, DC-9-51	Iad uile	26.301 go 26.334
The Boeing Company	MD-90	MD-90-30	Iad uile	26.301 go 26.334
FOKKER SERVICES B.V.	F27	Marc 100, 200, 300, 400, 500, 600, 700	Iad uile	26.301 go 26.334
FOKKER SERVICES B.V.	F28	Marc 1000, 1000C, 2000, 3000, 3000C, 3000R, 3000RC, 4000	Iad uile	26.301 go 26.334
GULFSTREAM AEROSPACE CORP.	G-159	G-159 (Gulfstream I)	Iad uile	26.301 go 26.334

GULFSTREAM AEROSPACE CORP.	G-II_III_IV_-V	G-1159A (GIII) G-1159B (GIIB) G-1159 (GII)	Iad uile	26.301 go 26.334
KELOWNA FLIGHTCRAFT LTD.	CONVAIR 340/440	440	Iad uile	26.301 go 26.334
LEARJET INC.	Learjet 24/25/31/36/35/55/60	24, 24A, 24B, 24B-A, 24D,24D-A, 24F, 24F-A, 25, 25B, 25C, 25D, 25F	Iad uile	26.301 go 26.334
LOCKHEED MARTIN CORPORATION	1329	Iad uile		26.301 go 26.334
LOCKHEED MARTIN CORPORATION	188	Iad uile		26.301 go 26.334
LOCKHEED MARTIN CORPORATION	382	382, 382B, 382E, 382F, 382G	Iad uile	26.301 go 26.334
LOCKHEED MARTIN CORPORATION	L-1011	Iad uile		26.301 go 26.334
PT. DIRGANTARA INDONESIA	CN-235	Iad uile		26.301 go 26.334
SABRELINER CORPORATION	NA-265	NA-265-65	Iad uile	26.301 go 26.334
VIKING AIR LIMITED	SD3	SD3-30 Sherpa SD3 Sherpa	Iad uile	26.301 go 26.334
VIKING AIR LIMITED	DHC-7	Iad uile		26.301 go 26.334
VIKING AIR LIMITED	CL-215	CL-215-6B11	Iad uile	26.301 go 26.334
TUPOLEV PUBLIC STOCK COMPANY	TU-204	204-120CE	Iad uile	26.301 go 26.334
AIRBUS	An tsraith A320	A320-251N, A320-271N	10033, 10242, 10281 agus 10360	26.60
AIRBUS	An tsraith A321	A321-271NX	10257, 10371 agus 10391	26.60
AIRBUS	An tsraith A330	A330-243, A330-941	1844, 1861, 1956, 1978, 1982, 1984, 1987, 1989, 1998, 2007, 2008 agus 2011	26.60

ATR-GIE Avions de Transport Régional	An tsraith ATR 72	ATR72-212A	1565, 1598, 1620, 1629, 1632, 1637, 1640, 1642, 1649, 1657, 1660, 1661	26.60
The Boeing Company	An tsraith 737	737-8 agus 737-9	43299, 43304, 43305, 43310, 43321, 43322, 43332, 43334, 43344, 43348, 43391, 43579, 43797, 43798, 43799, 43917, 43918, 43919, 43921, 43925, 43927, 43928, 43957, 43973, 43974, 43975, 43976, 44867, 44868, 44873, 60009, 60010, 60040, 60042, 60056, 60057, 60058, 60059, 60060, 60061, 60063, 60064, 60065, 60066, 60068, 60194, 60195, 60389, 60434, 60444, 60455, 61857, 61859, 61862, 61864, 62451, 62452, 62453, 62454, 62533, 63358, 63359, 63360, 64610, 64611, 64612, 62613, 64614, 65899, 66147, 66148, 66150	26.60
GULFSTREAM AEROSPACE LP.	An tsraith G100 Gulfstream	1125 Astra 1125 Astra SP G100/Astra SPX	Iad uile	26.157
GULFSTREAM AEROSPACE LP.	An tsraith G100 Gulfstream	Gulfstream G150	Iad uile	26.157
GULFSTREAM AEROSPACE LP.	An tsraith GALAXY G200	Gulfstream 200/Galaxy	Iad uile	26.157

TEXTRON AVIATION INC.	An tsraith 650	650	Iad uile	26.157
TEXTRON AVIATION INC.	An tsraith Cessna 500/ 550/S550/ 560/560XL	500 550 560 560XL S550	Iad uile	26.157
TEXTRON AVIATION INC.	An tsraith Hawker	An tsraith BAe.125 Hawker 750 Hawker 800XP	Iad uile	26.157
TEXTRON AVIATION INC.	An tsraith CESSNA 750 (Citation X)	750	Iad uile	26.157”